AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA M.21T

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

# STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ MÁIRT, 11 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.20

*Ná freagair ach AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II).*

Ba chóir an t-am chun léitheoireachta agus athbhreithniúcháin a thabhairt san áireamh san uasmhéid ama a luaitear le gach ceist.

# CÚRSA I

**Sibhialtacht an Renaissance**
**(Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)**

Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**

Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

## A

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Cad ab ea Cuallacht St. George déanach sa chúigiú haois déag in Éirinn?

**2.** Cén fáth ar measadh gur bagairt ar Mhonarcacht na dTúdarach a bhí i Lambert Simnel agus Perkin Warbeck?

**3.** Luaigh fáth **amháin** a raibh cathair na Gaillimhe rachmasach i dtús an séú haois déag.

**4.** Cén fáth ar cuireadh príosún ar Ghearóid Óg, 9ú hIarla Chill Dara i1534, i dTúr Londan?

**5.** Cad ab ea Acht an Cheannais, a rith Parlaimint an Reifirméisin i 1536?

**6.** Cén phríomhaidhm a bhí ag Conradh na nGearaltach?

**7.** Mínigh go hachomair an téarma "Géilleadh agus Athbhronnadh".

**8.** Cén difríocht a bhí idir an tinreamh ar pharlaimint 1541 – 1543 agus ar pharlaimintí roimhe sin?

**9.** Cén fáth ar thaistil An tAthair David Wolfe C.I. timpeall na hÉireann sa 1560í?

**10.** Luaigh ainm an leabhair a mbaintí úsáid as ag seirbhísí na hEaglaise Bunaithe (Protastúnaí) agus a tugadh isteach le linn réimeas Bhanríon Éilís I, 1558 – 1603.

**11.** Cén fáth ar bunaíodh na coláistí ar Mhór-Roinn na hEorpa do mhic léinn ó Éirinn déanach sa séú haois déag?

**12.** Scríobh síos fíric staire **amháin** mar gheall ar Fhiach Mac Aodha Ó Broin.

**13.** Cé a bhuaigh Cath an Átha Bhuí i 1598?

**14.** Cén fáth a raibh ceannairí Éireannacha i gcoitinne sásta nuair a tháinig Séamas I i réim mar rí tar éis bhás Bhanríon Éilís I i 1603?

**15.** Cén réimse den saothar daonna a luaitear le duine **amháin** díobh seo a leanas: Gráinne Mhaol; Micheál Ó Cléirigh; Fynes Morrison; Peter Lombard; Seathrún Céitinn; Richard Stanihurst.

## B

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Díscaoileadh na Mainistreacha in Éirinn faoi réimeas Rí Anraí VIII.

**2.** Éire faoi réimeas Bhanríon Máire, 1553 – 1558.

**3.** Cuairt Sheáin Uí Néill ar chúirt Bhanríon Éilis I i 1562.

**4.** Comhdháil Chonnacht, 1585.

**5.** Fuadach Aodha Rua Uí Dhónaill i 1587.

**6.** An t-oideachas in Éirinn sa dara leath den séú haois déag.

## C

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Gearóid Mór, 8ú Iarla Chill Dara.

**2.** Tomás an tSíoda.

**3.** Plandáil na Mumhan faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
**(i)** Fáthanna na Plandála.
**(ii)** An chaoi ar cuireadh an phlandáil i bhfeidhm.
**(iii)** Ar éirigh léi nó ar theip uirthi mar iarracht?

**4.** An saol in Éirinn faoi réimeas na nGael faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
**(i)** Na filí agus an t-aos léinn.
**(ii)** Dlithe agus nósanna.
**(iii)** Feirmeoireacht agus bia.

**5.** Cath Chionn tSáile, 1601.

**6.** Plandáil Uladh faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
**(i)** Fáthanna na Plandála.
**(ii)** An chaoi ar cuireadh an phlandáil i bhfeidhm.
**(iii)** Ar éirigh léi nó ar theip uirthi mar iarracht?

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Scríobh síos fíric stairiúil **amháin** mar gheall ar Rí Anraí VII Shasana.

**2.** Cén éacht ar a bhfuil cáil William Caxton bunaithe?

**3.** Cén tír ar sheol John Cabot chuici i 1497?

**4.** Cad ab ea pátrún in aimsir an Renaissance?

**5.** Cén fáth ar tháinig rath ar chathair Antwerp sa séú haois déag?

**6.** Cérbh iad na conquistadores?

**7.** Cén fáth ar cuireadh Sir Thomas More chun báis i Sasana i 1535?

**8.** Luaigh leasú **amháin** a rinne an Eaglais Chaitliceach de thoradh Chomhairle Thrionta.

**9.** Cén tábhacht don Eoraip a bhain le Cath Lepanto, 1571?

**10.** Cén fáth ar cuireadh Máire, Banríon na nAlbanach, chun báis i 1586?

**11.** Cén tionchar a bhí ag John Knox ar an saol in Albain déanach sa séú haois déag?

**12.** Cén fáth a raibh boilsciú airgeadais san Eoraip sa dara leath den séú haois déag?

**13.** Cad ab ea an "Gunpowder Plot", 1605?

**14.** Luaigh cúis **amháin** leis an gCogadh Tríocha Bliain.

**15.** Cén réimse den saothar daonna a luaitear le duine **amháin** díobh seo a leanas: Andrea Palladio; Treasa Avila; François Rabelais; Giovanni da Palestrina; Miguel de Cervantes; El Greco.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Tábhacht phósadh Ferdinand agus Isabella don Spáinn.

**2.** Achrann Anraí VIII Shasana leis an bPápacht.

**3.** Seán Cailvín.

**4.** San Iognáid Loyola agus na hÍosánaigh.

**5.** Teacht chun cinn Mhoscó sa séú haois déag.

**6.** Niccolo Machiavelli **NÓ** William Shakespeare.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** An Renaissance faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** Na fáthanna ar thosaigh an Renaissance san Iodáil.
- **(ii)** Ealaín agus ealaíontóirí i Renaissance na hIodáile.
- **(iii)** An Renaissance lasmuigh den Iodáil (sa chuid eile den Eoraip).

**2.** Aois na Taiscéalaíochta faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
- **(i)** Na cúiseanna a bhí leis an taiscéalaíocht.
- **(ii)** Criostóir Columbus.
- **(iii)** Ferdinand Magellan.

**3.** Máirtín Liútar.

**4.** Pilib II, Rí na Spáinne, 1556 – 1598, faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
- **(i)** A réimeas laistigh den Spáinn.
- **(ii)** A chaidreamh leis an Ísiltír.
- **(iii)** A chaidreamh le Sasana.

**5.** Cogaí an Chreidimh sa Fhrainc, 1564 – 1598.

**6.** Forbairtí san eolaíocht i rith thréimhse do chúrsa, 1453 – 1618.

# CÚRSA II

**Sibhialtacht na Linne Seo**
**(Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)**
Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**
Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

## A

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Luaigh fáth **amháin** ar dhíbhunaigh Gladstone Eaglais na hÉireann i 1869.

**2.** Cen t-athrú ar an modh vótála a tugadh isteach leis an Acht Ballóide, 1872?

**3.** B'éigean do bhaill Pháirtí Fhéinrialtais Pharnell gealltanas páirtí a thabhairt. Cén gealltanas ab ea é?

**4.** Luaigh aidhm **amháin** de chuid Chonradh na Gaeilge.

**5.** Cad ab ea *An Claidheamh Solais*?

**6.** Cén bhaint a bhí ag an long, an *Titanic*, le hÉirinn?

**7.** Cén fáth a bhfuil tábhacht le hEoin Mac Néill i stair na hÉireann?

**8.** Luaigh tionscal mór **amháin** i gCúige Uladh roimh 1914.

**9.** Nuair a bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach i 1914, cad a mhol John Redmond do Óglaigh na hÉireann a dhéanamh?

**10.** Cé bhí ina chéad Uachtarán ar Éirinn i 1938?

**11.** Ainmnigh an comhlacht státurraithe a ghlac freagracht as an gcóras iompair phoiblí ó 1944 i leith.

**12.** Scríobh síos fíric pholaitiúil **amháin** mar gheall ar Éirinn sna 1950í.

**13.** Luaigh fáth **amháin** nár atoghadh Fianna Fáil mar rialtas i 1948.

**14.** Luaigh toradh tábhachtach **amháin** ar bhunú Teilifís Éireann i 1961.

**15.** Cén réimse den saothar daonna a luaitear le duine **amháin** díobh seo a leanas:
Anna Parnell; J. M. Synge; Maud Gonne McBride; John Dillon; Ronnie Delaney; Patrick Kavanagh.

## B

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Isaac Butt.

**2.** Cogadh na Talún, 1879 – 1882.

**3.** Sir Horace Plunkett agus Gluaiseacht na gComharchumann.

**4.** Stailc agus Frithdhúnadh, 1913.

**5.** Cumann na nGaedheal sa Rialtas, 1922 – 1932.

**6.** Tuaisceart Éireann, 1920 – 1966.

## C

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach . Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Charles Stewart Parnell.

**2.** Cur i gcoinne an Fhéinrialtais ag na hAondachtaithe faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
- **(i)** Na cúiseanna a bhí ag na hAondachtaithe le bheith i gcoinne an Fhéinrialtais.
- **(ii)** Na modhanna ar baineadh úsáid astu chun cur i gcoinne Féinrialtais.
- **(iii)** Críchdheighilt na hÉireann, 1920.

**3.** Éirí Amach na Cásca, 1916.

**4.** Éire, 1919 – 1923, faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
- **(i)** Cogadh na Saoirse, 1919 – 1921.
- **(ii)** An Conradh Angla-Éireannach, 1921.
- **(iii)** An Cogadh Cathartha, 1922 – 1923.

**5.** Rialtas Fhianna Fáil, 1932 – 1948, faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
- **(i)** An Conradh a bhaint as a chéile, 1932 – 1938.
- **(ii)** An Cogadh Eacnamaíochta, 1932 – 1938.
- **(iii)** Blianta an Chogaidh, 1939 – 1945.

**6.** An Chéad Rialtas Idir-Pháirtí, 1948 – 1951 **NÓ** Seán Lemass.

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Luaigh cúis **amháin** ar bhuaigh an Phrúis ar an bhFrainc sa Chogadh Franca-Phrúiseach, 1870 – 1871.

**2.** Luaigh cúis **amháin** ar bhris réabhlóid amach sa Rúis faoi na Sáir i 1905.

**3.** Luaigh cúis **amháin** leis an teannas idir an Bhreatain agus an Ghearmáin roimh 1914.

**4.** Luaigh cúis **amháin** ar lorg tíortha na hEorpa coilíneachtaí thar lear sa tréimhse, 1870 – 1914.

**5.** I 1905 ghlac Sár Nioclás II le bunú *Duma* sa Rúis. Cad ab ea *Duma*?

**6.** Cén eachtra a tharla i Sarajevo ar 28 Meitheamh, 1914?

**7.** Cén phríomhaidhm a bhí ag Conradh na Náisiún?

**8.** Cén fáth ar thionscain Lenín an Beartas Nua Eacnamaíochta sa Rúis Shóivéadach i 1921?

**9.** Cén fáth ar thug an Rí Éadbhard VIII suas an choróin i 1936?

**10.** Luaigh cúis **amháin** ar bhuaigh fórsaí an Ghinearál Franco Cogadh Cathartha na Spáinne.

**11.** Cad ab ea an "Cogadh Bréige" sa tréimhse, Deireadh Fómhair 1939 – Aibreán 1940?

**12.** Cén fáth a gceaptar gur chuir Cath Stalingrad casadh mór ar an Dara Cogadh Domhanda?

**13.** Cé tháinig i gcomharbacht ar Neville Chamberlain mar Phríomh-Aire ar an mBreatain i 1940?

**14.** Ainmnigh críoch **amháin** thar lear ar tharraing an Bhreatain amach as idir 1945 agus 1966.

**15.** Cén réimse den saothar daonna a luaitear le duine **amháin** díobh seo a leanas:
Marie Curie; Leo Tolstoy; Guglielmo Marconi; Rosa Luxemburg; William Beveridge; Imre Nagy.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Scannail pholaitiúla sa Fhrainc, 1871 – 1914.

**2.** Gluaiseacht na Suffragettes sa Bhreatain.

**3.** Conradh Versailles, 1919.

**4.** Pleananna Cúig Bliana Stailín.

**5.** Charles de Gaulle.

**6.** Forbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, 1870 – 1966.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** An Ghearmáin faoi Bismarck, 1871 – 1890.

**2.** An Chéad Chogadh Domhanda faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
**(i)** Plean Schlieffen.
**(ii)** Fronta an Iarthair.
**(iii)** An Cogadh ar Muir.

**3.** Réabhlóid na Bolshevik sa Rúis, 1917.

**4.** Benito Mussolini.

**5.** Adolf Hitler faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
**(i)** Teacht i gcumhacht Hitler sa Ghearmáin, 1919 – 1933.
**(ii)** Bunú an Stáit Naitsígh sa Ghearmáin, 1933 – 1939.
**(iii)** Hitler agus na Giúdaigh.

**6.** An Eoraip Iar-Chogaidh, 1945 – 1966, faoi **gach** ceannteideal diobh seo a leanas:
**(i)** Beartas Marshall agus téarnamh na hEorpa.
**(ii)** Géarchéim Bheirlín, 1948 – 1949.
**(iii)** Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) go dtí 1966.